

SGEAL FAOI DHOMHNALL Ó FLAITHBEARTA

-dreathair Thadhg Na Buile, a bhí ina chomhnaidh i Maigh Cuilin.

Bhí Domhnall Ó Flaithbhearta seo ina chomhnuidhe ar shúil a bhóthair i Maigh Cuilinn agus ní leighfheadh sé duine a' bith thairis gan sgéul nuaidhe eicint a bhainnt dhe. Bhí dreatháir eile ina chomhnuidhe in aice le Uachtar Árd. Bhí fear teacht as Uachtar Árd an lá seo agus carr móna aige a gabhail go Gaillimh. D'fhiarruigh Tadhg dhe a raibh aon sgéal aige. "Níl" adeir sé "ach go bhfuil a leithid seo dhe fhear dhe na Flaithbhearta caillte i Uachtar Árd" "Sin dreathair dhom-sa" adeir Domhnall. Bhí cárr eile a teacht ó Gaillimh agus bairrile fuisge air. Stop Domhnall a carr agus d'fhiarruigh sé cé mhéad é luach a'bhairrille. Cébrí cé mhead a leag a fear air nior rinne Tadhg ach a láimh a cur ina phóca agus é íoc amach. Leag sé an bairrille ar a' mbóthar agus chuir sé coc ann agus 'séurd d'bhairt sé "is cuma cé ólfas 'sé Domhnall a d'íocfhas." Sin sean-fhocal atá san áit seo ochoin.

10/1/31.